



Téama: Teorainneacha agus droichid - Imirce

Roinn 2: Dul ar imirce – duine i gcroílár gach scéil

Is rómhínic a bhíonn scéalta fírinneacha na n-imirceach i bhfolach taobh thiar de léarscáileanna, de ghraif agus de shonraí. Is annamh a chloisimid na nguthanna, a n-eispéiris. Ní mór a choimeád inár n-intinn i gcónaí gur ag labhairt faoi dhaoine atáimid agus ní faoi staidreamh, agus faoi sin amháin.

Rabhadh: Tabhair do d'aire go bhfuil naisc chuig láithreáin ghréasáin ar nós YouTube san aonad seo. D'fhéadfadh athrú teacht ar a bhfuil ar láithreáin sheachtracha agus ba cheart súil a choinneáil air chun bheith cinnte go bhfuil sé oiriúnach do dhaltáí scoile.

Torthaí Foghlama na Roinne seo

Beidh na daltaí ábalta:

- a fhios a bheith acu nach n-insíonn staidreamh agus uimhreacha ach cuid de scéal na himirce
- a thuiscint nach mór d'imircigh aghaidh a thabhairt ar mhórán dúshlán chun iad féin a chur in oiriúint d'áiteanna nua agus do shlite beatha nua
- a thuiscint conas is féidir le cuntais stairiúla léargais a thabhairt ar eispéiris imirce ar na salta deireanacha seo

Acmhainní a sholáthraítear

Acmhainn 6	Litreacha ó imircigh
Acmhainn 7	Léarscáil de bhealaí imirce na hEorpa sa 19 ^ú céad
Acmhainn 8	Dánta, amhráin, saothair ealaíne
Acmhainn 9	Na 'hidirghabhálaithe'
Acmhainn 10	Teimpléad stiallghreannáin
Acmhainn 11	Pas Nansen

Gníomhaíocht Ranga 1: Ní féidir le staidreamh amháin scéalta daonna na himirce a thabhairt leo



Foinse: An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (EIM), © Statista



ÁRAS STAIR NA HEORPA

Téann na gearrtháin scannáin seo a leanas le saincheistanna imirce san Eoraip sa 21^ú céad ach léiríodh iad ó dhearcthaí a bhí iomlán éagsúil.

Tar éis duit féachaint ar an dá ghearrthán leis na daltaí, pléigh an méid seo a leanas mar ghrúpa:

- Cén difríocht atá idir cur i láthair na faisnéise faoi imircigh i ngach gearrthán scannáin?
- Cad iad na cineálacha faisnéise a d'aithin na daltaí i ngach gearrthán scannáin.



Gearrthán Scannáin: Staidreamh faoi imircigh

<https://www.youtube.com/watch?v=uDszXcSCbPo>

Foinse: BBC News



Gearrthán Scannáin: Scéal beirt deartháireacha ón tSiria

<https://www.youtube.com/watch?v=XGeKiWVkey4>

Foinse: Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (UNHCR)



ÁRAS STAIR NA HEORPA

Gníomhaíocht Ghrúpa 1: Fianaise ón Am a Caitheadh

Is féidir linn, ar an mbealach céanna ina bhfoghlaímimid ó scéalta imirceach an lae inniu, mórán a fhoghlaim freisin faoin taithí a bhí ag Eorpaigh i gcás na himirce san am a caitheadh ó thuairiscí a d'fhág siad ina ndiaidh i litreacha, i ndialanna nó i bhfoinsí príomha comhchosúla, faoina n-iarrachtaí chun síocháin, slándáil agus saol níos fearr a fháil in áit eile.

Roinn do rang i 4-5 ghrúpa atá mórán ar cóimhéid. Abair le duine amháin i ngach grúpa nótaí a ghlacadh agus taifead a dhéanamh de thuairimí an ghrúpa, agus aiseolas a sholáthar ag deireadh an cheachta? Déan Acmhainn 6 a dháileadh ar na daltaí, agus litir a leithdháileadh ar gach grúpa. Tugann na litreacha sin ó imircigh Eorpacha i Stáit Aontaithe Mheiriceá léas léargais ar na scéalta fiordhaonna i gcroílár na himirce.

- Cad iad na príomhthopaicí/príomhábhair imní i ngach ceann de na litreacha sin mar a thuairiscíonn iad siúd a scríobh iad?
- Cad iad na dearchtaí a thugann na litreacha sin faoin saol mar imirceach i ndeireadh an 19ú céad agus i dtús an 20ú céad?
- An féidir leat aon chosúlachtaí agus aon difríochtaí idir eispéiris na n-imirceach sin agus eispéiris an lae inniu a shainithint?

Gníomhaíocht Ghrúpa 2: Ag scríobh abhaile

Don ghníomhaíocht seo, ní mór do na daltaí a shamhlú gur duine d'údair na litreacha iad. Iarr ar na daltaí tír dhúchais Eorpach an údair a roghnaigh siad a aimsiú ar léarscáil. A luaithe a bheidh an tír sainaitheanta acu, iarr orthu roinnt staidéir fhéinstiúrtha a dhéanamh faoi cén saghas dálaí a bhí sa tír sin ag deireadh an 19ú céad. Ansin, agus úsáid á baint as Acmhainn 7, iarr orthu a dturas chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá a rianú. Ba cheart dóibh litir a scríobh ansin á shamhlú go bhfuil siad á cur chuig a dteaghlach nó chuig cairde ar ais sa bhaile san Eoraip. Ba cheart faisnéis a bheith san áireamh ann amhail:

- Cén fáth ar chinn siad ar a dtír dhúchais a fhágáil chun dul chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá?
- Conas a thaistil siad (na bealaí agus na modhanna iompair) agus cad iad na constaicí a raibh orthu aghaidh a thabhairt orthu feadh na slí?
- Conas a chuaigh sé i gcion orthu teacht chuig tír nua?

Gníomhaíocht Ghrúpa 3: Imirce a chur in iúl

I rith na n-aoiseanna, chuir daoine a n-eispéiris agus a mothúcháin faoi ghluaiseacht agus faoi easáitiú in iúl trí fhilíocht, trí ealaín agus trí amhráin. Tugann na foirmeacha cruthaitheacha sin guth don imirceach ar féidir é a bheith ina shiombail de staid an duine aonair nó den phobal iomlán daoine.

Scaip Acmhainn 8 ar na daltaí. Tar éis anailís ar an ábhar a chur i gcrích, iarr ar na daltaí ceachtar de na nithe seo a dhéanamh:

Úsáid an teimpléad stiallghreannáin (Acmhainn 10) chun scéal imircigh a chruthú bunaithe ar eachtraí laistigh den dán 'Be good, little migrants' (Maith sibh, a imircigh bheaga) le Uyen Loewald.

NÓ

Cruthaigh a bhfreagairt ealaíonta féin ó thaobh sheasamh na n-imirceach de, i.e. scríobh dán, cum liricí amhráin nó tabhair faoi líníocht/phictiúr/phicteagram.





ÁRAS STAIR NA HEORPA

Gníomhaíocht Ranga 2: A bheith 'idir eatarthu'

Bíonn sé i gceist i mbogadh go tír nua taithí a fháil ar bhealaí nua maireachtála, ar chultúir nua, ar rialacháin chathartha nua agus, b'fhéidir níos tábhachtaí fós, daoine nua. Iarr ar na daltaí na beathaisnéisí agus na hathluanna in Acmhainn 9 a léamh agus mar ghrúpa pléigh conas a athraíonn an tuiscint atá ag imircigh orthu féin agus cé hiad féin in áiteanna agus i gcomhthéacsanna éagsúla. Tabhair do d'aire go háirithe go ndeir daoine ina sleachta go mothaíonn siad 'idir eatarthu' – próiseas oiriúnaithe do chultúir éagsúla. Úsáid an coincheap sin leis na daltaí chun na nithe seo a leanas a iniúchadh:

- A thábhachtaí atá sé a aithint gur féidir le daoine a bheith ó chúlraí cultúrtha éagsúla.
- An samhlaíonn aon duine de na daltaí iad féin leis sin?
- Cad iad na cineálacha dúshláin a d'fhéadfadh oiriúnú den sórt sin a dhéanamh deacair, i.e. ciníochas, easpa feasachta ar éagsúlacht ó thaobh an phobail i gcoitinne de etc.?

Tá sé tábhachtach a chur ar a súile do dhaltáí go bhfuil scéalta ratha freisin ag imircigh in ainneoin na ndeacrachtaí atá le sárú acu. Éiríonn le cuid mhaith acu a bheith ardoilte agus a bheith ina ngairmithe a bhfuil meas orthu sna réimsí oibre agus gníomhaíochta a roghnaigh siad. Déan iarracht eiseamláirí comhchosúla a aimsiú i do thír, faoi mar a léirítear sa phóstaer seo a leanas.

**I AM AN
IMMIGRANT**

**I HAVE TAUGHT
ENGLISH TO OVER
2400 STUDENTS
AND WAS THE
FIRST BLACK
PRESIDENT
OF THE NUT**

NAME: BALJEET GHALE

COUNTRY OF ORIGIN: KENYA

OCCUPATION: TEACHER / DEPUTY HEAD

NOXENOPHOBIA.ORG

CAMPAIGN BY: **JCWI**

MOVEMENT: **BLACK**

KEY DONATIONS BY: **CROWD FUNDING**, **NUT**, **Unite**

GUERPO-TESTED BY THE INTERNATIONAL ORGANIZATION FOR MIGRATION (IOM) AND THE TRADES UNION CONGRESS (TUC)



ÁRAS STAIR NA HEORPA

- Is imirceach mé
- Mhúin mé Béarla do bhreis agus 2 400 mac léinn agus bhí mé ar an gcéad Uachtarán gorm ar ANM (Aontas Náisiúnta na Múinteoirí)
- Ainm: Baljeet Ghale
- Tír Thionscnaimh: An Chéinia
- Slí bheatha: Múinteoir/Leas-Phríomhoide

Foinse: Joint Council for the Welfare of Immigrants www.jcwi.org.uk

Chun iniúchadh a dhéanamh ar cén saghas saoil a d'fhéadfadh a bheith ag imircigh i dtíortha Eorpacha nach bhfuil aon stádas saoránachta oifigiúil acu féach www.undocumentary.org agus féach ar an ngearrscannán seo a leanas chun scéala a fháil ó leanaí na n-imirceach sin, na 'sans papiers', mar a thugtar orthu.



Laissez-les grandir ici

<http://www.dailymotion.com/video/k37ZBrDgWk5oHj9Ety>

Ní fadhb nua-aimseartha amháin é easpa doicimeádúcháin oifigiúil agus cearta gaolmhara a bheith ag dídeanaithe agus ag daoine gan stát, tá fasach stairiúil ann don fhadhb sin. Chuir cogaí agus coinbhleachtaí i rith en 20^ú agus an 21^ú haois iachall ar na mílte duine teitheadh óna dteaghlach agus a bheith easáitithe. Déan Acmhainn 11 a dháileadh ar na daltaí. Léirítear san acmhainn sin eiseamláir ó na blianta tar éis an Chéad Chogaidh Dhomhanda ina ndearnadh iarracht cúnamh a thabhairt do dhídeanaithe agus do dhaoine easáitithe.